Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Márta 2023
(OR. en)

7260/23
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0054 (NLE)**

MOG 47
IRAQ 6
CFSP/PESC 415
DEVGEN 59

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | DRÉACHTCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE UM CHOMHAR idir an tAontas Eorpach agus an Iaráic maidir le Fochoiste speisialaithe um Chomhar um Fhorbairt a chur ar bun agus maidir lena théarmaí tagartha a ghlacadh |

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. 3/2023**
**ÓN gCOMHAIRLE UM CHOMHAR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN IARÁIC**

**an ...**

**maidir le Fochoiste speisialaithe um Chomhar um Fhorbairt**
**a chur ar bun agus maidir lena théarmaí tagartha a ghlacadh**

TÁ AN CHOMHAIRLE UM CHOMHAR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN IARÁIC,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIaráice, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 112 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIaráice, den pháirt eile, (‘an Comhaontú’), síníodh é an 11 Bealtaine 2012, agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2018.

(2) Foráiltear le hAirteagal 112 den Chomhaontú go bhfuil an Coiste um Chomhar le cúnamh a thabhairt don Chomhairle um Chomhar a cuid cúraimí a chomhlíonadh agus go bhféadfaidh sí a chinneadh aon fhochoiste speisialaithe nó aon chomhlacht speisialaithe eile a chur ar bun ar féidir leo cúnamh a thabhairt di a cuid cúraimí a chomhlíonadh, agus tá sí le comhdhéanamh agus cúraimí na bhfochoistí nó na gcomhlachtaí sin agus conas a fheidhmeoidh siad a shocrú.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle um Chomhar, féadfaidh an Chomhairle um Chomhar cinntí a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn.

(4) Le cur ar bun Fochoiste speisialaithe nua um Chomhar um Fhorbairt, d’éascófaí idirphlé tiomnaithe ar gach gné den chomhar um fhorbairt idir an tAontas agus an Iaráic agus dhéanfaí cur chun feidhme éifeachtach chláir forbartha an Aontais san Iaráic a chur chun cinn.

(5) Chun go mbeidh an Fochoiste um Chomhar um Fhorbairt oibríochtúil, go tráthúil, is gá an cinneadh seo a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal Aonair*

Leis seo, cuirtear ar bun an Fochoiste um Chomhar um Fhorbairt.

Leis seo, glactar a théarmaí tagartha mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a gabhann leis an gCinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle um Chomhar idir an tAontas Eorpach agus an Iaráic*
*An Cathaoirleach*

# **IARSCRÍBHINN I**

Téarmaí tagartha an Fhochoiste um Chomhar um Fhorbairt

*Airteagal 1*

Le linn a chruinnithe, féadfaidh an Fochoiste um Chomhar um Fhorbairt (dá ngairtear 'an Fochoiste' anseo feasta) cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair a phlé in aon cheann nó i ngach ceann de na réimsí a chumhdaítear leis a bhaineann le comhar um fhorbairt.

Féadfaidh an Fochoiste ábhair nó tionscadail shonracha a bhaineann le réimsí ábhartha an chomhair dhéthaobhaigh a phlé freisin.

*Airteagal 2*

Oibreoidh an Fochoiste faoi údarás an Choiste um Chomhar. Déanfaidh sé a chuid conclúidí a thuairisciú agus a tharchur chuig an gCoiste um Chomhar tar éis gach cruinnithe.

*Airteagal 3*

Beidh ionadaithe ó na Páirtithe ar an bhFochoiste.

Ar chomhaontú na bPáirtithe, féadfaidh an Fochoiste cuireadh a thabhairt do shaineolaithe chuig a chruinnithe, agus féadfaidh sé éisteacht leo maidir le pointí sonracha ar chlár oibre a chruinnithe de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 4*

Déanfaidh na Páirtithe cathaoirleacht gach re seal ar an bhFochoiste, de réir rialacha an Choiste um Chomhar maidir le huachtaránacht mhalartach, le hionadaí ón Aontas Eorpach, ar thaobh amháin, agus ionadaí ón Iaráic, ar an taobh eile.

*Airteagal 5*

Gníomhóidh ionadaí ón Aontas Eorpach agus ionadaí ón Iaráic go comhpháirteach mar rúnaithe buana ar an bhFochoiste. Cuirfear gach cumarsáid a bhaineann leis an bhFochoiste ar aghaidh chuig an mbeirt rúnaithe buana.

*Airteagal 6*

Tiocfaidh an Fochoiste le chéile aon uair is gá i ngeall ar imthosca ar chomhaontú na bPáirtithe, ar bhonn iarraidh i scríbhinn ó cheachtar Páirtí, agus uair amháin sa bhliain ar a laghad. Reáchtálfar gach cruinniú den Fhochoiste ag áit a shocróidh na Páirtithe agus ag tráth a chomhaontóidh siad.

Ar iarraidh ar chruinniú an Fhochoiste a fháil ó cheann de na Páirtithe, tabharfaidh rúnaí buan an Pháirtí eile freagra laistigh de 15 lá oibre.

I gcás práinne, féadfar cruinnithe an Fhochoiste a thionól ar fhógra níos giorra, faoi réir chomhaontú na bPáirtithe.

Roimh gach cruinniú, cuirfear cathaoirleach an Fhochoiste ar an eolas maidir le comhdhéanamh na toscaireachtaí atá beartaithe ag na Páirtithe.

Tionólfaidh an bheirt rúnaithe buana cruinnithe an Fhochoiste go comhpháirteach, agus iad ag gníomhú i gcomhaontú le rúnaithe an Choiste um Chomhar.

*Airteagal 7*

Cuirfear na míreanna atá le háireamh ar an gclár oibre faoi bhráid na rúnaithe buana 15 lá oibre ar a laghad roimh chruinniú an Fhochoiste. Tabharfar aon doiciméadacht tacaíochta do na rúnaithe buana 10 lá oibre ar a laghad roimh an gcruinniú.

Bunaithe ar na míreanna sin, déanfar clár oibre sealadach a tharraingt suas agus a chur ar aghaidh, leis an doiciméadacht tacaíochta atá ar fáil, chuig rúnaithe an Choiste um Chomhar, tráth nach déanaí ná 5 lá oibre roimh chruinniú an Fhochoiste. In imthosca eisceachtúla, le comhaontú i scríbhinn ón mbeirt rúnaithe buana, féadfar míreanna a chur leis an gclár oibre ar fhógra níos giorra.

*Airteagal 8*

Mura gcinnfear a mhalairt, ní bheidh cruinnithe an Fhochoiste ina gcruinnithe poiblí.

*Airteagal 9*

Glacfar miontuairiscí le linn gach cruinnithe den Fhochoiste. Déanfar cóip de na miontuairiscí agus de na conclúidí ó gach cruinniú a tharchur chuig rúnaithe an Choiste um Chomhar.